

CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/117 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Feabhra 2021

Iena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/919 a mhéid a bhaineann le caighdeán chomhchuibhithe i ndáil le hárthaí beaga, maidir le haeráil urranna innill peitрил agus/nó umair peitрил agus le gaothráin leictreacha

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 14 de Threoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, maidir le táirgí atá i gcomhréir le caighdeán chomhchuibhithe, nó codanna díobh, a bhfoilsítear tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, toimhdítear iad a bheith i gcomhréir leis na ceanglais dá gcumhdaítear leis na caighdeán sin nó na codanna díobh a leagtar amach in Airteagal 4(1) de Threoir 2013/53/AE agus in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin.
- (2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 8736 ón gCoimisiún ⁽³⁾, rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictreicniúil (Cenelec) maidir le caighdeán chomhchuibhithe a dhréachtú agus a athbhreithniú lena dtacaítear le Treoir 2013/53/AE lena dtugtar aghaidh ar bhunriachtanais níos déine a leagtar amach in Airteagal 4(1) de Threoir 2013/53/AE agus in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, i gcomparáid le Treoir 94/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ a aisghaireadh.
- (3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 8736 iarradh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictreicniúil caighdeán a athbhreithniú, a bhfoilsíodh tagairtí dóibh le Teachtaireacht 2015/C 087/01 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾.
- (4) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 8736, rinne an Coiste Eorpach um Chaighdeánú caighdeán EN ISO 11105:2017 a athbhreithniú, a bhfoilsíodh tagairt dó i dTeachtaireacht 2018/C 209/05 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾. Mar thoradh air sin glacadh caighdeán chomhchuibhithe EN ISO 11105:2020 Árthaí beaga - Aeráil urranna innill peitрил agus/nó umair peitрил.

⁽¹⁾ IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

⁽²⁾ Treoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le hárthaí áineasa agus árthaí uisce pearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 94/25/CE (IO L 354, 28.12.2013, lch. 90).

⁽³⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 8736 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2015 maidir le hiarraidh ar chaighdeánú ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictreicniúil a mhéid a bhaineann le hárthaí áineasa agus árthaí uisce pearsanta lena dtacaítear le Treoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le hárthaí áineasa agus árthaí uisce pearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 94/25/CE.

⁽⁴⁾ Treoir 94/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meitheamh 1994 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le hárthaí áineasa (IO L 164, 30.6.1994, lch. 15).

⁽⁵⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi chuimsiú cur chun feidhme Threoir 94/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meitheamh 1994 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le hárthaí áineasa (Foilsíú teideal caighdeán chomhchuibhithe agus tagairtí do chaighdeán chomhchuibhithe faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais) (IO C 87, 13.3.2015, lch. 1).

⁽⁶⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi chuimsiú cur chun feidhme Threoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hárthaí áineasa agus árthaí uisce pearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 94/25/CE (Foilsíú teideal caighdeán chomhchuibhithe agus tagairtí do chaighdeán chomhchuibhithe faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais) (IO C 209, 15.6.2018, lch. 137).

- (5) I gcomhar leis an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú, rinne an Coimisiún a mheasúnú an gcomhlíonann caighdeán comhchuibhithe EN ISO 11105:2020, arna dhreachtú ag an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú, leis an iarraidh a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 8736.
- (6) Leagtar amach i gCaighdeán EN ISO 11105:2020 na ceanglais suiteála maidir le haeráil urranna innill peitрил agus umair peitрил in áirtheáil áineasa ag a bhfuil innill pheitрил lena dtiomáint, leictreachas a ghiniúint nó le haghaidh cumhacht mheicniúil, chun carnadh gás pléascach sna hurranna sin a chosc.
- (7) Comhlíonann caighdeán EN ISO 11105:2020 na buncheanglais arb é is aidhm dó iad a chumhdach, ceanglais a leagtar amach in Airteagal 4(1) de Threoir 2013/53/AE, agus i bpointe 5.1.2 agus i bpointe 5.2.2 de Pháirt A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin chomh maith. Is iomchúfú dá réir sin an tagairt don chaighdeán sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (8) Tá caighdeán EN ISO 11105:2020 le cur in ionad chaighdeán EN ISO 11105:2017. Is gá dá bhrí sin an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe EN ISO 11105:2017 a aistarraingt siar de Shraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (9) Chun go dtabharfaí go leor ama do mhonaróirí ullmhú le haghaidh caighdeán EN ISO 11105:2020 a chur i bhfeidhm, is gá aistarraingt na tagartha do chaighdeán EN ISO 11105:2017 a chur siar.
- (10) Tá caighdeán EN ISO 11105:2020 le cur in ionad chaighdeán EN ISO 9097:2017 *Áirtheáil beaga - Gaothráin leictreacha*, a bhfoilsítear an tagairt dó i dTeachtaireacht 2018/C 209/05. Le caighdeán EN ISO 9097:2017 déantar tagairt do na ceanglais ghinearálta maidir le gaothráin leictreacha nuair a shuiteáiltear iad ar áirtheáil áineasa. Is gá dá bhrí sin an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe EN ISO 9097:2017 a aistarraingt siar de Shraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (11) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/919 ón gCoimisiún (7) liostaítear na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe lena dtiomhdítear iad a bheith i gcomhréir le Treoir 2013/53/AE. Ba cheart an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe EN ISO 11105:2020 a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.
- (12) In Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/919 liostaítear tagairtí na gcaighdeán comhchuibhithe arna ndreachtú chun tacú le Treoir 2013/53/AE a aistarraingítear ó *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ba cheart an tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe EN ISO 11105:2017 agus EN ISO 9097:2017 a áireamh in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.
- (13) Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/919 a leasú dá réir sin.
- (14) Fágann comhlíontacht caighdeáin comhchuibhithe go dtiomhdítear comhréireacht le ceanglais bhunriachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais ó dháta foilsithe na tagartha den chaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ba cheart, dá bhrí sin, don Chinneadh a theacht i bhfeidhm ar lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/919 mar a leanas:

- (1) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo;
- (2) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

(7) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/919 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2019 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe d'ártheáil áineasa agus áirtheáil uisce pearsanta arna ndreachtú chun tacú le Treoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 146, 5.6.2019, lch. 106).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointe (2) d'Iarscríbhinn II ón 1 Lúnasa 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Feabhra 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/919 cuirtear isteach iontráil 34 seo a leanas:

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
"34.	EN ISO 11105:2020
	Árthaí beaga - Aeráil urranna innill peitрил agus/nó umair peitрил".

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/919 mar a leanas:

(1) cuirtear isteach iontráil 31 seo a leanas leis:

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
"31.	EN ISO 9097:2017 Árthaí beaga - Gaothráin leictreacha";

(2) cuirtear isteach iontráil 32 seo a leanas leis:

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
"32.	EN ISO 11105:2017 Árthaí beaga - Aeráil urranna innill peitрил agus/nó umair peitрил".